V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10959 — SATS / TEMASEK / PH 243WFS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 23/05)

1. An 16 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— WFS Global Holdings S.A.S. ("WFS", an Fhrainc),

— SATS Ltd ("SATS", Singeapór), faoi rialú Temasek Holdings (Private) Limited ("Temasek", Singeapór).

Trí SATS International SAS, gheobhaidh SATS rialú aonair ar WFS ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn WFS seirbhísí láimhseála lastais den chuid is mó (lena n-áirítear trádstóráil agus stóráil lastais, seirbhísí a bhaineann le lastas, lóistíocht dhomhanda le haghaidh loingseoireachta aerlasta agus bainistiú saoráidí lastais). Ina theannta sin, soláthraíonn WFS seirbhísí láimhseála ar an talamh (lena n-áirítear seirbhísí rampa, seirbhísí bagáiste, agus seirbhísí paisinéirí), agus, lasmuigh den LEE, cuireann sé seirbhísí innealtóireachta agus cothabhála ar fáil do threalamh aerfoirt agus do threalamh bonneagair breosla i Meiriceá Thuaidh,

— Soláthraíonn SATS seirbhísí láimhseála ar an talamh, seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí eile a bhaineann le heitlíocht go príomha san Áise. Tá sé faoi rialú deiridh Temasek, cuideachta infheistíochta atá gníomhach go príomha i Singeapór agus an chuid eile den Áise. Clúdaíonn a chuid infheistíochtaí roinnt tionscal, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, iompar & tionsclaíocht, teileachumarsáid, na meáin agus teicneolaíocht, tomhaltóirí agus eastát réadach, etc. Rialaíonn Temasek Singeapór Airlines freisin, cuideachta eitlíochta a sholáthraíonn seirbhísí aeriompair do phaisinéirí agus do lastas, seirbhísí tolglainne aerfoirt agus seirbhísí teicniúla, cothabhála agus deisiúcháin, chomh maith le Gategroup, a sholáthraíonn, i measc nithe eile, seirbhísí lónadóireachta le linn eitilte, seirbhísí miondíola ar bord, trealamh lónadóireachta le linn eitilte agus seirbhísí gaolmhara, seirbhísí tolglainne aerfoirt agus seirbhísí miondíola aerfoirt.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10959 – SATS / TEMASEK / PH 243WFS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË